

# Comórtas Ealaíne do Sheachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin

## Lig do Seil do Pháiste Teacht chun Solais

Beidh Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin ar siúl ón Luan an 17 ú Deireadh Fómhair go dtí Dé Domhnaigh an 23 Deireadh Fómhair. Is é an príomhthéama i mbliana ná *'Is féidir le háláram deataigh atá i riocht oibre do bheatha a shábháil?'*.

Chun ceiliúradh a dhéanamh, tá an-áthas ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a fhógairt go bhfuil Comórtas Póstaeir um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Bhunscoileanna á reáchtáil againn.

Más maith le do pháistí péinteáil nó líníocht, ba bhreá linn a gcuid pictiúr a fheiceáil. Tá roinnt duaiseanna iontacha le buachan agus deis bualadh lena laochra áitiúla sa bhriogáid dóiteáin.

### Ar Aghaidh Linn

#Red4Ready

#SmokeAlarmsSaveLives

#STOPFIRE

#22FSW

 DubFireBrigade

 DublinFireBrigade

 dubfirebrigade



firesafetyweek.ie



### Catagóirí

- Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra agus Rang a hAon
- Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair
- Rang a Cúig agus Rang a Sé

### Duaiseanna

Beidh buaiteoir ámharach amháin agus triúr sa dara háit i ngach catagóir. Bronnfaidh Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath agus fir dhóiteáin áitiúla na duaiseanna go luath i mí na Nollag.

### Conas cur isteach air

I mbliana táimid ag athrú rudaí agus ag bogadh go haighneachtaí digiteacha!\* Mar sin, níl le déanamh agat ach pictiúr sábháilteachta ó dhóiteán do pháiste a SCANADH sa taifeach is airde agus is féidir (10MB in aghaidh an phictiúir ar a mhéad) chuig [dfbcommunity@dublincity.ie](mailto:dfbcommunity@dublincity.ie) Cuir na sonraí seo a leanas san aighneacht le do thoil, Scoil, Rang, Múinteoir, Ainm agus Aois.

Má tá roinnt aighneachtaí ann is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig [dfbcommunity@dublincity.ie](mailto:dfbcommunity@dublincity.ie) agus cuirfear nasc ar fáil ionas gur féidir leat an saothar ealaíne iontach ar fad a uaslódáil.

**Is é Dé hAoine 28 ú Deireadh Fómhair 2022 an dáta deiridh le haghaidh iontrálacha.**

- Fiosraigh [www.firesafety4kids.ie](http://www.firesafety4kids.ie) le haghaidh smaointe.
- Bígi ag faire amach dár bhFeachtas Oíche Shamhna!
- Cabhraigh linn cabhrú le teaghligh fanacht sábháilte!

\*Féadfar glacadh le haighneachtaí páipéir freisin, déan teagmháil le do thoil le [dfbcommunity@dublincity.ie](mailto:dfbcommunity@dublincity.ie) le haghaidh sonraí faoi seo.\*

RGCS - Ní dhéantar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú a phróiseáil ach amháin don Chomórtas Ealaíne seo, is é an bonn dlíthiúl ná toiliú. Roghnófar dhá phictiúr déag agus úsáidfear iad ar an láithreán gréasáin [firesafety4kids.ie](http://firesafety4kids.ie), beidh ainmneacha na bpáistí a roghnófar agus a scoil san áireamh sna pictiúir. Scríofar na sonraí pearsanta eile go léir laistigh de 12 mhí ón dáta deiridh. Tabhair le fios le do thoil go bhféadfaí roinnt iontrálacha a phostáil ar ár n-ardán meán sóisialta. Tá tuilleadh eolais le fáil ag <http://www.dublincity.ie/privacy-statement>